Cáin Chorparáideach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi cháin chorparáideach. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na frásaí Gaeilge atá le fáil sa mhír a cheangal leis na frásaí Béarla thíos?

1. beartais	*a. employed*
2. íocaíochtaí	*b. employment*
3. ilnáisiúnta	*c. criticised*
4. geilleagar	*d. payments*
5. fostaithe	*e. to amend*
6. fostaíocht	*f. legally*
7. cleachtais	*g. policies*
8. cáinte	*h. threat*
9. lúba ar lár	*i. economy*
10. go dleathach	*j. compromise/mutual agreement*
11. leasú	*k. practices*
12. comhréiteach	*l. multinational*
13. bagairt	*m. loopholes*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13

Féachaigí ar an mír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Ceapann go leor daoine go bhfuil cúrsaí cánach leadránach. Cad iad na saghsanna scéalta nuachta nach gcuireann tusa aon spéis iontu? (Samplaí: scéalta spóirt, scéalta faoin bpolaitíocht etc.). Pléigh leis an duine in aice leat iad.

Ceist 3 Anois féachaigí ar an mír arís. Cén fáth ar luadh na nithe seo a leanas?

- an OECD
- na comhlachtaí Apple, Pzifer agus EMC
- tíortha atá ag forbairt

Ceist 4 Cuir na focail/frásaí seo a leanas in abairtí chun a mbrí a léiriú.

- dul chun leasa
- a mhalairt
- athchóiriú
- a sheachaint
- cúis bhuartha
- bagairt
- a mhealladh

Ceist 5 Cad é an difríocht sa chiall idir ‘an tAire’ agus ‘an aire’? Pléigh an scéal leis an duine in aice leat. Pléigí, chomh maith, cén fáth a bhfuil ‘t’ roimh cheann acu agus nach bhfuil roimh an gceann eile.

An dtugann sibh patrún faoi deara sna samplaí thíos?

an t-oideachas (firinscneach)	an oifig (baininscneach)
an t-arm (firinscneach)	an agóid (baininscneach)

Cabhraígí le chéile an patrún a chur i bhfeidhm ar na focail seo a leanas. Deirtear libh cé acu firinscneach nó baininscneach atá na focail.

am (fir.) _____
oscailt (bain.) _____
airgead (fir.) _____
eagla (bain.) _____
ócáid (bain.) _____
iompar (fir.) _____

Ceist 6 Pléigh na ráitis seo leis an duine in aice leat.

- “B’fhearr liom scéalta nuachta a fháil ó na meáin shóisialta seachas a bheith ag féachaint ar an nuacht.”
- “Is annamh a cheannaím nó a léim nuachtáin.”
- “Bíonn tuairiscí nuachta deacair a thuiscint i nGaeilge.”

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
g	d	l	i	a	b	k	c	m	f	e	j	h

Ceist 2
Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun an cheist seo a fhreagairt.

Ceist 3
- An OECD: is é an OECD a d'fhoilsigh an tuairisc ina bhfuil na rialacha nua Eorpacha maidir le cáin chorparáideach.
- Na comhlachtaí Apple, Pzifer agus EMC: is comhlachtaí ilnáisiúnta iad seo a chuireann a lán fostaíochta ar fáil in Éirinn agus a mbaineann na rialacha nua cánach leo.
- Tíortha atá ag forbairt: tá na rialacha nua chun leasa na dtíortha atá ag forbairt, áit ina bhfuil gá níos mó ag rialtais cáin a bhailiú.

Ceist 4
Cuir pé cabhair is gá ar fáil do na foghlaimeoirí chun na focail/frasaí a chur in abairtí.

Ceist 5
Ciallaíonn 'an tAire' *the minister*. Ciallaíonn 'an aire' *the care/attention*. Tá 'an tAire' firinscneach agus sin an fáth a bhfuil 't' roimh an alt sa tuiseal ainmneach. Tá 'an aire' baininscneach agus dá bhrí sin ní bhíonn 't' roimh an alt sa tuiseal ainmneach.

am (fir.)	an t-am
oscailt (bain.)	an oscailt
airgead (fir.)	an t-airgead
eagla (bain.)	an eagla
ócáid (bain.)	an ócáid
iompar (fir.)	an t-iompar

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ráitis a phlé.

Eimear Ní Chonaola
Deir an tAire Airgeadais, Michael Noonan, go rachaidh rialacha nua Eorpacha a foilsíodh inniu maidir le cáin chorparáideach chun leasa na hÉireann agus ní a mhalairt. D'fhógair an OECD[1] beartais nua leis an gcóras cánach idirnáisiúnta a athchóiriú ionas nach bhféadfadh comhlachtaí ilnáisiúnta íocaíochtaí cánach a sheachaint.

Grett O'Connor
Is maith is eol do phobal Chorcaí cé chomh tábhachtach is atá comhlachtaí ilnáisiúnta do gheilleagar na hÉireann. Tá na fostóirí[2] is mó sa chathair i measc na gcomhlachtaí sin – Apple, mar shampla, ina bhfuil 4,000 duine fostaithe. Tá 4,000 eile fostaithe ag Pfizer agus cuireann EMC fostaíocht ar fáil do 2,000 duine. Tá cleachtais chánach i gcuid de na mórchomhlachtaí ilnáisiúnta cáinte le fada de bharr nach n-íocann siad cáin sa tír ina ndéanann siad a gcuid proifide. Deir an OECD gur cúis[3] bhuartha é seo do rialtais ar fud an domhain mar go bhféadfaidís níos mó cánach a bhailiú murach na lúba[4] ar lár atá sa chóras cánach faoi láthair. Ach deir siad go ndéanann an cleas cuntasaíochta seo an díobháil is mó do rialtais i dtíortha atá ag forbairt, áit ina bhfuil géarghá le hioncam breise chun feabhas a chur ar an infreastruchtúr.

Inniu d'fhógair an OECD réimse beartas nua chun aghaidh a thabhairt ar na lúba ar lár a cheadaíonn do roinnt comhlachtaí éalú go dleathach ó dhualgaisí[5] cánach.

> "All the countries have agreed that they can, that they should, in some cases, they must protect their tax bases."

Mhínigh Pascal Saint-Amans nach gcuirfeadh na rialacha nua iachall[6] ar thíortha a gcuid córas cánach a leasú ach dúirt sé go raibh comhréiteach bainte amach leis na tíortha ar fad a bhí ag obair ar na moltaí seo le blianta beaga anuas. Dúirt an tAire Airgeadais, Michael Noonan, inniu, nárbh aon bhagairt é an tuarascáil a foilsíodh don infheistíocht dhíreach eachtrach. Dúirt sé gur a mhalairt a tharlódh, go gcabhródh na moltaí seo chun níos mó infheistíochta a mhealladh go hÉirinn.

[1] An teideal oifigiúil Gaeilge ná *an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)*
[2] *na fostaitheoirí* a deirtear sa mhír
[3] *gur chúis* a deirtear sa mhír
[4] *na lúbanna* a deirtear sa mhír, ach is é *lúba* an t-iolra caighdeánach
[5] *dualgais* an t-iolra caighdeánach
[6] *iallach* an litriú caighdeánach